



Cás C-112/22

CU

(iarraidh ar réamhrialú, ón Tribunale di Napoli (an Iodáil))

Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 29 Iúil 2024

(Tarchur chun réamhrialú – Stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad – Treoir 2003/109/CE – Airteagal 11(1)(d) – Cóir chomhionann – Bearta maidir le slándáil shóisialta, cúnamh sóisialta agus cosaint shóisialta – Coinníoll cónaithe 10 mbliana ar a laghad, gan bhriseadh sa dá bhliain dheireanacha – Idirhealú indíreach

Rialú teorann, tearmann agus inimirce – Beartas inimirce – Stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad – Treoir 2003/109 – Ceart chun córa comhionainne maidir le slándáil shóisialta, cúnamh sóisialta agus cosaint shóisialta – Reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear deonú sochar sóisialta faoi réir coinníll cónaithe ar feadh tréimhse 10 mbliana ar a laghad, gan bhriseadh le 2 bhliain anuas, agus lena bhforáiltear do phionós coiriúil i gcás dearbhú bréagach – Do-ghlacthacht

[an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, Airteagal 34; Treoir 2003/109 ón gComhairle, aithrisí 6 agus 12 agus Airteagail 4(1) agus 11(1)(d) agus 2]

(féach míreanna 35, 38, 46, 50-52, 55-61 agus an chuid oibríochtúil)

Résumé

Maidir le tarchur chun réamhrialú ón Tribunale di Napoli (an Chúirt Dúiche, Napoli, an Iodáil), rialaíonn an Chúirt Bhreithiúnais ar phrionsabal na córa comhionainne idir náisiúnaigh tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad agus náisiúnaigh an Bhallstáit lena mbaineann dá bhforáiltear le hAirteagal 11 de Threoir 2003/109¹, agus go háirithe ar an gceist an féidir rochtain ar bheart maidir le slándáil shóisialta, cúnamh sóisialta nó cosaint shóisialta, de réir bhrí Airteagal 11(1)(d), a chur faoi réir coinníll maidir le cónaí sa Bhallstát lena mbaineann ar feadh tréimhse 10 mbliana ar a laghad, gan bhriseadh le 2 bhliain anuas.

In 2020, rinne CU agus ND, ar náisiúnaigh tríú tír agus cónaitheoirí fadtéarmacha san Iodáil iad, iarratais ar ‘ioncam saoránachta’, eadhon sochar sóisialta a bhfuil mar chuspóir aige íosmhéid maireachtála a chinntiú. Ina dhiaidh sin, cúisíodh iad toisc go líomhnaíodh gur dheimhnigh siad go bréagach, ina n-iarratais, gur chomhlíon siad na coinníollacha maidir le deonú an tsochair sin, lena n-áirítear an coinníoll cónaithe ar feadh 10 mbliana ar a laghad san Iodáil, gan bhriseadh sa 2 bhliain dheireanacha.

¹ Treoir 2003/109/CE ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad (IO 2004, L 16, lch. 44).

Sa chomhthéacs sin, tá amhras ar an Tribunale di Napoli maidir le comhoiriúnacht an choinníll sin, atá infheidhme freisin do náisiúnaigh na hIodáile, le dlí an Aontais. Measann an chúirt sin go gcuirtear leis an gceanglas sin cóir dhíobhálach ar náisiúnaigh tríú tír, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil ceadanna cónaithe fadtéarmacha acu, i gcomparáid le náisiúnaigh na hIodáile.

Measúnú na Cúirte

Ar an gcéad dul síos, tugann an Chúirt faoi deara, i gcás ina dhéanann foráil dhlí an Aontais, mar Airteagal 11(1)(d) de Threoir 2003/109, tagairt shainráite do reachtaíocht náisiúnta, nach bhfuil sé faoin gCúirt sainmhíniú neamhspleách agus aonfhoirmeach a thabhairt do na téarma lena mbaineann faoi dhlí an Aontais. Mar sin féin, ní thugann an easpa sainmhínte neamhspleách agus aonfhoirmeach faoi dhlí an Aontais ar na coincheapa slándála sóisialta, cúnaimh shóisialta agus cosanta sóisialta, nó an tagairt do dhlí náisiúnta san fhoráil sin maidir leis na coincheapa sin, le tuiscint go bhféadfadh na Ballstáit an bonn a bhaint d'éifeachtacht Threoir 2003/109 agus prionsabal na córa comhionainne dá bhforáiltear san fhoráil sin á chur i bhfeidhm acu. Thairis sin, ní mór do na Ballstáit, agus bearta á socrú acu maidir le slándáil shóisialta, cúnaimh shóisialta agus cosaint shóisialta, mar a shainmhínítear iad ina reachtaíocht náisiúnta, na cearta agus na prionsabail a aithnítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') a urramú, go háirithe iad siúd a leagtar síos in Airteagal 34 de.

Toisc go ndéantar tagairt le hAirteagal 34 den Chairt agus le hAirteagal 11(1)(d) de Threoir 2003/109 don dlí náisiúnta, is faoin gcúirt a rinne an tarchur a chinneadh an ionann an 't-ioncam saoránachta' atá i gceist sna príomhimeachtaí agus sochar sóisialta cosúil leo siúd dá dtagraítear sa Treoir sin.

Cuireann an Chúirt in iúl gur léir ón gcóras arna bhunú ag Treoir 2003/109 go bhfuil nós imeachta áirithe le leanúint chun stádas mar chónaitheoir fadtéarmach a fháil faoin Treoir sin agus, ina theannta sin, nach mór coinníollacha áirithe a chomhlíonadh, lena n-áirítear gur ghá conaí a bheith ort go dlíthiúil agus go leanúnach ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann ar feadh 5 bliana. A mhéid a chomhfhreagraíonn an stádas cónaitheora fhadtéarmaigh sin don leibhéal lánpháirtíochta is rathúla do náisiúnach tríú tír, ráthaítear leis cóir chomhionann i gcomparáid le náisiúnaigh an Bhallstáit óstaigh, go háirithe maidir le slándáil shóisialta, cúnaimh shóisialta agus cosaint shóisialta.

Mar sin, maidir leis an gcoinníoll cónaithe atá i gceist sna príomhimeachtaí, chinn an Chúirt go sáraítear le coinníoll cónaithe 10 mbliana ar a laghad, gan bhriseadh sa 2 bhliain dheireanacha, Airteagal 11(1)(d) de Threoir 2003/109.

Ar an gcéad dul síos, is ionann cóir neamhionann maidir le náisiúnaigh tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad agus náisiúnaigh toisc go bhforáiltear le reachtaíocht náisiúnta coinníoll cónaithe den chineál sin agus idirdhealú indíreach. Baineann an coinníoll sin le neamhnáisiúnaigh den chuid is mó, lena n-áirítear náisiúnaigh tríú tír go háirithe, ach le leasanna náisiúnaigh na hIodáile a fhilleann ar an Iodáil tar éis tréimhse chónaithe i mBallstát eile. Mar sin féin, ní gá go mbeadh sé d'éifeacht ag beart buntáiste a thabhairt do gach náisiúnach den Bhallstát lena mbaineann nó náisiúnaigh tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad amháin a chur faoi mhíbhuntáiste chun é a mheas mar idirdhealú indíreach.

Ar an dara dul síos, cuirtear cosc, i bprionsabal, ar idirdhealú den chineál sin, mura bhfuil bonn cirt oibiachtúil leis.

Mar sin féin, foráiltear go cuimsitheach le hAirteagal 11(2) de Threoir 2003/109 cásanna ina bhféadfaidh Ballstáit maolú ar an gcóir chomhionann a thugtar do náisiúnaigh tríú tír a bhfuil stádas mar chónaitheoirí fadtéarmacha acu agus náisiúnaigh de chuid an Bhallstáit. Mar sin, taobh amuigh de na cúinsí sin, is sárú per se ar Airteagal 11(1)(d) den Treoir sin é difríocht sa chaoi a gcaitear leis an dá chatagóir sin de náisiúnaigh.

Go háirithe, ní féidir bonn cirt a thabhairt do dhifríocht sa chaoi a gcaitear le náisiúnaigh tríú tíortha ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad i gcomparáid le náisiúnaigh an Bhallstáit lena mbaineann toisc go mbeadh siad i gcúinsí eile mar gheall ar a nascanna faoi seach leis an mBallstát sin.

Léirítear leis an tréimhse chónaithe dhlíthiúil gan bhriseadh ar feadh 5 bliana dá bhforáiltear le Treoir 2003/109 chun stádas mar chónaitheoir fadtéarmach a fháil go bhfuil an duine ‘lonnaithe sa tír’. Dá bhrí sin, is leor an tréimhse sin don duine sin, tar éis stádas cónaitheora fadtéarmaigh a fháil, chun cóir chomhionann le náisiúnaigh an Bhallstáit a fháil, go háirithe maidir le slándáil shóisialta, cúnamh sóisialta agus cosaint shóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 11(1)(d) den Treoir sin.

Mar sin, ní féidir le Ballstát síneadh aontaobhach a chur leis an tréimhse chónaithe a cheanglaítear ionas go mbeadh an ceart a ráthaítear leis an bhforáil sin ag cónaitheoir fadtéarmach den sórt sin.

Ar deireadh, maidir leis an bpíonós coiriúil dá bhforáiltear leis an reachtaíocht náisiúnta i gcás dearbhú bréagach maidir leis na coinníollacha rochtana ar an sochar sóisialta atá i gceist sna príomhimeachtaí, meabhraíonn an Chúirt nach bhfuil foráil pionóis náisiúnta ag luí le forálacha Threoir 2003/109 nuair a fhorchuirtear í chun a bheith cinnte go gcomhlíontar oibleagáid nach gcomhlíonann na forálacha sin í féin. I bhfianaise an mhéid thuas, chinn an Chúirt go gcuirtear cosc le hAirteagal 11(1)(d) de Threoir 2003/109, arna léamh i bhfianaise Airteagal 34 den Chairt, ar reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear rochtain náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad ar bheart maidir le slándáil shóisialta, cúnamh sóisialta nó cosaint shóisialta faoi réir an choinníll, atá infheidhme freisin do náisiúnaigh an Bhallstáit sin, maidir le cónaí sa Bhallstát lena mbaineann ar feadh tréimhse 10 mbliana ar a laghad, gan bhriseadh le 2 bhliain anuas, agus lena bhforáiltear do phíonós coiriúil i gcás dearbhú bréagach maidir leis an gcoinníoll cónaithe sin.